


Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann



TUARASCÁIL
DO 2017



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ na hÉIREANN

45 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

D02 VY60

Éire

www.irishmanuscripts.ie

CLÁR ÁBHAR

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH	4		
Réamhrá	5	Freagrachtaí faoi seach	24
An bord, coistí agus fochoistí	6	Freagrachtaí na stiúrthóirí do na ráitis airgeadais	24
<i>An Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán</i>	7	Freagrachtaí na nIniúcháirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais	24
<i>An Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain</i>	7	Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus cé a bhfuil freagrachtaí dlite againn ina leith	25
<i>An Coiste Athbhreithnithe Straitéisigh</i>	8		
Foireann	8		
Seirbhísí	8	CUNTAIS INIÚCHTA	26
<i>'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ</i>	9	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	27
An tionscadal um Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte	9	Clár Comhardaithe	28
Tionscadal na n-ábhar sábháilte ó 1922	10	Ráiteas faoi Athruithe i gCistí	29
Foilseacháin	10	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	30
<i>Calendar of State Papers, Ireland, Tudor period, 1509–1547</i>	10		
<i>The poems of Olivia Elder</i>	11	NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	31
<i>Analecta Hibernica, no. 48</i>	11	1. Faisnéis Ghinearálta	31
<i>Act Book of the Corporation of Coleraine, 1623–1669</i>	12	2. Beartais Chuntasaíochta	31
<i>1641 Depositions, vol. IV: Dublin</i>	12	2.1. Bunús ullmhúcháin	31
<i>Eoin MacNeill: memoir of a revolutionary scholar</i>	12	2.2. Ioncam	31
Pleanáil don bhliain 2018	13	2.3. Ionstraimí Airgeadais	31
Ócáidí seolta	13	2.4. Ainm na Cuideachta	31
Airgeadas	14	2.5. Sócmhainní seasta inlámhsithe agus dímhéas	31
An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	14	2.6. Stoc	31
An tOllamh James McGuire, Cathaoirleach Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, 2003–2017	15	2.7. Pinsin	32
Conclúid	15	2.8. Seirbhísí Cíosa	32
		2.9. Cáin	32
FAISNÉIS FAOIN gCUIDEACHTA	16	2.10. Deontais Rialtais	32
		3. Breithiúnais agus príomhfhoinisí na neamhchinnteachta meastacháin	32
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	18	Gnóthas Leantach	32
Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt amach anseo	19	Luacháil Stoic	32
Príomhghníomhaíochtaí	19	Bronntanais Seirbhíse Cíosa	32
Athbhreithniú Gnó	19	4. Ioncam	32
Forbairt Amach Anseo	19	5. An Deontas ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	32
Torthaí	19	6. Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain	33
Taighde agus Forbairt	19	7. Fostaithe	33
Staid Gnóthaí	19	8. Sócmhainní inlámhsithe	33
Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna	19	9. Costais phinsin	34
Ranníocaíochtaí Polaitíochta	20	10. Stoic	34
Freagrachtaí na Stiúrthóirí	20	11. Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	34
Taifid Chuntasaíochta	21	12. Airgead sa bhanc agus ar láimh	34
Príomhríosaí agus neamhchinnteachtaí	21	13. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	34
Ráiteas faoi fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta Iniúcháirí	21	14. Ioncam iarchurtha	34
		15. Cúlchistí	35
TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ	22	16. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí	35
NEAMHSPLÉACHA	22	17. Ranníocaíocht Chaipitil	35
Tuarascáil faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais	23	18. Idirbhearta páirtithe gaolmhara	35
Tuairim	23	19. Cúiteamh do phríomhphearsanra lucht bainistíochta	35
Bonn na tuairime	23	20. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe	35
Cinntí a bhaineann le Gnóthas Leantach	23	21. Páirtí rialaithe deiridh	35
Eolas eile	23		
Tuairim faoi nithe eile atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014	24	TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE HÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2017	36
Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht	24	Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2017	36
		Feidhmíocht fuinnimh	36

Tuarascáil an Chathaoirligh



Réamhrá

Ba é W. T. Cosgrave, Uachtarán na Comhairle Feidhmiúcháin, a chuir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) ar bun sa bhliain 1928. Corpraíodh an Coimisiún mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta an 24 Eanáir 2006.

Ó bhunú an Choimisiúin, tá sé mar phríomhchúram air foinsí príomha – idir chinn atá faoi úinéireacht phoiblí agus chinn atá faoi úinéireacht phríobháideach – a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn ar son stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Sna pleananna forbartha straitéisí uaidh roimhe seo, tá sé dearbhaithe ag an gCoimisiún arís eile go bhféachann sé le comhairle a chur ar an Rialtas chun bonn eolais a chur faoin mbeartas a bhaineann le cúram a thabhairt d'ábhair foinse príomha atá riachtanach do scéal na hÉireann a thuiscint agus do stair na tíre a scríobh. Sa phlean forbartha straitéisí atá le teacht uaidh leis an tréimhse 2018–2022 a chlúdach, dearbhóidh an Coimisiún a thiomantas don fhís seo arís eile.


Cé gur bhliain thábhachtach a bhí i 2017 do CLÉ i dtéarmaí a ballraíochta (féach thíos faoi Bord, coistí agus fochoistí) agus tosú thionscadail thábhachtaigh chomhoibrithe le Cartlann Náisiúnta na hÉireann (féach thíos faoi Tionscadal na n-ábhar sábháilte ó 1922), ar a lán slite ba ghnáthbhliain ghnóthach a bhí ann i dtéarmaí an ghnó de bheith ag foilsiú agus ag cur chun cinn foinsí príomha agus freisin maidir le rannpháirtíocht CLÉ in obair chomhlachas eile a bhíonn ag feidhmiú in earnáil na gcartlann.

Déantar ionadaíocht do CLÉ ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (IAR — www.iar.ie), ar seirbhís ar líne í atá ar fáil saor in aisce agus lena gcumasaítear do chartlanna ar fud na hÉireann a dtuairiscí bailiúcháin atá i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta Ginearálta um Thuairisc Chartlainne (ISAD(G)) a uaslódáil ar thairseach Ghréasáin. Cosúil le seirbhís Access to Archives (A2A) sa Ríocht Aontaithe, is féidir le húsáideoirí thairseach IAR bailiúcháin chartlainne Éireannacha a chuardach ar fud cuid mhór stórtha difriúla. Bíonn tionchar IAR ag méadú i gcónaí trína seirbhís idirlín ach freisin trína cuid pacáí acmhainne oideachais (The present duty of Irish women agus Pledge ourselves and our people) atá bunaithe go heisiach ar ábhair atá ar fáil ó na bailiúcháin atá liostáilte ar a thairseach idirlín.

Tá an Coimisiún ag glacadh páirt in Oíche an Chultúir ón mbliain 2008 i leith. Le linn na hoíche sin, tugtar deis an-luachmhar do chomhaltaí CLÉ bualadh leis an bpobal agus forbhreachnú a thabhairt dó ar an obair a dhéanann CLÉ agus ar an dóigh a gcuireann sé leis an saol cultúrtha in Éirinn. Dé hAoine an 22 Meán Fómhair 2017, tugadh deis do chuirteoirí ar 45 Cearnóg Mhuirfean amharc ar thaispeántas foilseachán agus dul i gcomhairle le comhaltaí CLÉ, lena áiríodh Ciara Breathnach, James Kelly, Dáibhí Ó Cróinín, Elva Johnston agus mé féin, agus muid ar fáil ar an oíche chun ceisteanna a fhreagairt faoi eagráin CLÉ d'fhoinsí príomha agus comhairle a thabhairt maidir leis na gnéithe éagsúla de chaomhnú agus de choinneáil taifead.

Bhí cur i láthair sleamhnán rollach faoi bhunú agus faoi obair an Choimisiúin ar fáil sa léachtlan in aice le taispeántas na bhfoilseachán CLÉ. Léirigh sé raon na bhfoinsí atá foilsithe ag CLÉ le linn a staire faide agus thug sé barúil freisin faoi chuid de na tionscadail spéisiúla ina bhfuil CLÉ rannpháirteach faoi láthair, leithéidí an tionscadal atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide chun cur ar fáil ar líne cóip inchoardaithe den fhoinse fhíorluachmhar ón seachtú haois déag faoi sheilbh





talún — na Leabhair Shuirbhéireachta agus Dáilte (féach thíos An tionscadal um Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte) agus an tionscadal atá bunaithe i CNÉ chun an t-ábhar sin a scrúdú agus a liostáil a tarrtháileadh ó scrios OTPTÉ i 1922 (féach tionscadal ábhair shábháilte 1922 thíos le tuilleadh sonraí a fháil).

Ba mhór le baill go léir CLÉ a bhí i láthair ar Oíche an Chultúir misean agus obair an Choimisiúin a leagan amach don iomad cuairteoirí ar léir go raibh an-spéis acu inár dtaispeántas. Bhí an-tóir ann ar roinn na bhfoilseachán meánaoiseach arís eile sa bhliain, agus bhí an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín agus an Dr. Elva Johnston ar fáil chun tábhacht na ndoiciméad Paitríoch i bhfacsamhail Leabhar Ard Mhacha agus ársaíocht chomh maith le gnéithe tábhachtacha Leabhar Uí Maine a mhíniú. Cuireadh spéis mhór i roinn leathnaithe an ghinealais ar an oíche, agus d'fhreagair baill CLÉ a lán ceisteanna faoi na foinsí ginealais a bhí ar taispeáint. Thug Oíche an Chultúir deis dúinn arís eile cur chun cinn a dhéanamh ar bhileog faisnéise CLÉ maidir le caomhnú taifead pearsanta. Tá an bhileog dírithe ar dhaoine aonair príobháideacha a bhfuil spéis acu ina dtaifid teaghlaigh a chaomhnú agus orthu sin atá ag smaoineamh faoi cad ba cheart dóibh a dhéanamh lena dtaifid teaghlaigh.

An bord, coistí agus fochoistí

Tagann comhaltaí CLÉ ón saol acadúil agus ó fhorais chultúir ar fud na hÉireann. I dtús na bliana 2016, bhí 20 comhalta is stiúrthóir ann de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Bhí triúr comhaltaí oinigh ann freisin. Ag tús 2017 bhí 20 comhalta/stiúrthóir ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus triúr comhalta/Stiúrthóir oinigh: James McGuire (Cathaoirleach), an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Sandra Collins, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Chris Flynn, iarbhall foirne de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta; Greta Jones, Ollscoil Uladh; James Kelly, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Michael Kennedy, Doiciméid maidir le Beartas Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; John McDonough, Cartlann Náisiúnta na hÉireann; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Donal Moore, iar-Chartlannaí Chathair Phort Láirge; Thomas O'Connor, Ollscoil Mhá Nuad; Dáibhí Ó Cróinín, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Michael Willis, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Go luath i 2017 cuireadh tús leis an bpróiseas chun comhaltaí nua a cheapadh don Choimisiún. Faoi choimirce na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (SCP) ceapadh seachtar déag de chomhaltaí/stiúrthóirí nua do Bhord CLÉ. Chomh maith leis an triúr comhaltaí ex-officio a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2020 agus 2021 (Sandra Collins, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, John McDonough, Cartlann Náisiúnta na hÉireann agus Michael Willis, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann), agus liom féin san áireamh mar Chathaoirleach, ceapadh na daoine seo a leanas mar chomhaltaí CLÉ: Ciara Breathnach, Ollscoil Luimnigh; Liam Chambers, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Patrick Geoghegan, Coláiste na Tríonóide; David Hayton, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste; Alvin

Jackson, Ollscoil Dhún Éideann; Elva Johnston, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; James Kelly, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Marian Lyons, Ollscoil Mhá Nuad; Máire Mac Conghail; Kate Manning, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Hiram Morgan, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh; Nicola Morris; Thomas O'Connor, Ollscoil Mhá Nuad; Dáibhí Ó Cróinín, OÉ Gaillimh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide. Chun leanúnachas a chinntiú, maireann cuid de na ceapacháin seo ar feadh cúig bliana, agus maireann an chuid eile acu ar feadh trí bliana.

Bhí na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí oinigh den Choimisiún i 2017: An tOllamh Louis Cullen agus an Dr Brian Trainor. Is cúis bhróin dom é go bhfuil orm cur in iúl go bhfuair an tOllamh Francis J. Byrne bás ar 30 Nollaig 2017; bhí sé ina chomhalta fadtéarmach agus ina chomhalta oinigh de chuid an Choimisiúin.

Cé go rabhtas ag feidhmiú mar is gnách go dtí go ndearnadh ceapacháin nua, cuireadh isteach, ar ndóigh, ar ghnáthphatrún na gcruinnithe ag próiseas na gceapachán a thosaigh i Mí Eanáir agus a tháinig chun críche i Mí Iúil 2017. Bhí 3 ghnáthchruinniú ag an gCoimisiún sa bhliain 2017 (Bealtaine, Meán Fómhair agus Samhain) agus tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil an 27 Márta.

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, suífidh beirt chomhaltaí ar a laghad de CLÉ ar an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta (CCN). Ar an 30 Meitheamh 2017, d'fhógair an tAire Heather Humphreys 12 cheapachán don CCN, lena n-áirítear comhaltaí de chuid CLÉ, Ciara Breathnach agus Hiram Morgan.

An Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Is é feidhm an bhuanchoiste seo tograí foilseacháin a athbhreithniú de réir critéir shocraithe agus moltaí a dhéanamh de réir mar is cuí don Choimisiún ar fad. Tá sé de dhualgas air faireachán a dhéanamh ar thionscadail foilsithe reatha freisin. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán (CEF) go Mí Iúil 2016: James McGuire (Cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Dáibhí Ó Cróinín, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeyer. Ó Mhí Iúil 2017 ba iad baill an CEF ná: John McCafferty (Cathaoirleach), Ciara Breathnach, Alvin Jackson, James Kelly, Máire Mac Conghail, Nicola Morris, Mary O'Dowd, Dáibhí Ó Cróinín agus Jane Ohlmeyer. Molann baill an CEF tograí don Choimisiún chun iad a cheadú agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar thionscadail foilsithe. Bhí 37 dtionscadal den sórt sin ar siúl amháil an 31 Nollaig 2017.

An Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain

Foráladh sa phlean forbartha straitéisí don tréimhse 2012–2017 do Choiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain a cheapadh. Is éard a thagann faoi shainchúram an Choiste idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla agus deonacha a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá againn féin (lena n-áirítear Cartlann Náisiúnta na hÉireann; cartlannaithe cathrach agus contae; an Cumann Cartlann agus Taifead, Éire; agus Grúpa Cartlannaithe na nÚdarás Áitiúil) agus, nuair is féidir, feachtais chomhpháirteacha feasachta a chumadh agus beartas náisiúnta a fhorbairt. Is í Máire Mac Conghail Cathaoirleach an Choiste.

Mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le ceapadh chomhaltaí nua don Choimisiún, níor chas an CFCR le chéile i 2017. I dtreo dheireadh na bliana,



áfach, thoiligh na comhaltaí seo a leanas fónamh ar an CFCR. Tionólfar cruinniú go luath i 2018. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an CLÉ a d'éirigh as i 2017 as an gcúnamh a thug siad don CFCR agus ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Cathaoirleach an Choiste as an tiomantas a thaispeáin sí d'fheasacht a mhéadú ar shaincheistanna caomhnaithe agus ar an ngá a bhíonn ann le bheith airdeallach i gcónaí i gcásanna ina mbíonn taifid i mbaol nó ina ndiúltaítear rochtain orthu. Ba iad seo a leanas comhaltaí an CFCR amhail Iúil 2017: Máire Mac Conghail (Cathaoirleach), Nicholas Canny, Michael Kennedy, Deirdre McMahon, Donal Moore, Dáibhí Ó Cróinín, Mary O'Dowd agus mé féin. Seo a leanas na comhaltaí a thoiligh fónamh ar an CFCR as seo amach: Máire Mac Conghail (Cathaoirleach), Marian Lyons, Kate Manning agus Mary O'Dowd.

An Coiste Athbhreithnithe Straitéisigh

Bunaíodh Coiste Athbhreithnithe Straitéisigh (CAS) i dtreo dheireadh na bliana agus tionólfadh an coiste cruinniú go luath sa bhliain úr. Thoiligh an Dr. Attracta Halpin, Cláraitheoir Ollscoil na hÉireann, bheith mar Chathaoirleach ar an gCoiste, a dhréachtóidh plean forbartha straitéisí don CLÉ don tréimhse 2018–2022. Seo a leanas comhaltaí an CAS: Attracta Halpin (Cathaoirleach), John McDonough, Alva Johnston, Thomas O'Connor, Nicola Morris, Marian Lyons, Cathy Hayes agus mé féin.

Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún. Ceapadh an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, i mí Iúil 2006. Cuireann Judith O'Brien Uas. agus an Dr Melinda Lyons cúnamh riaracháin ar fáil ar bhonn conartha i gcomhair seirbhísí.

Seirbhísí

Mar a tugadh faoi deara i dtuarascálacha roimhe seo, faigheann oifig CLÉ glaonna teileafóin agus ceisteanna ríomhphoist ó gach cuid den domhan. Bainistítear na glaonna agus na ceisteanna sin faoi théarmaí ár gCairte Custaiméirí. Soláthraítear roinnt seirbhísí d'úsáideoirí ar shuíomh Gréasáin CLÉ. Ar an suíomh, is féidir foilseacháin CLÉ a cheannach; cóipeanna digitithe inchuardaithe a fháil de shaothair CLÉ atá as cló; tograí foilseacháin a chur isteach ar líne; agus comhaid PDF a íoslódáil chun teacht ar an gcatalog leabhar is déanaí, ar thuarascálacha bliantúla, ar phleananna forbartha straitéisí agus ar dhoiciméid bheartais de chuid CLÉ. Déanann CLÉ athbhreithniú ar dhearadh a shuímh Ghréasáin ar bhonn rialta ar mhaithe le soláthar na seirbhísí sin a bharrfheabhsú agus a fhorbairt.

Le linn na bliana 2017, mhéadaigh CLÉ a chuid gníomhaíochta sna meáin shóisialta. Tháinig méadú ar an líon leantóirí atá ag CLÉ ar Twitter agus ar a chuid gníomhaíochta ar Facebook arís eile sa bhliain freisin. Tá súil agam go leanfaidh CLÉ sna blianta atá romhainn le dul i bhfeidhm ar phobail nua úsáideoirí trí na meáin shóisialta agus go bhfreagróidh sé don éileamh atá ann ar mhodhanna nua a úsáid chun feasacht a mhúscailt ar fhoilseacháin CLÉ agus ar mhórobair an Choimisiúin i ndáil le caomhnú taifead araon.

Chuir CLÉ fógraí i raon leathan foilseachán clóite le linn na bliana 2017. Leanadh le fógraí a chur i ngach eagrán de History Ireland agus Books Ireland. Cuireadh

fógraí sa Family Directory ó Fhondúireacht Staire Uladh agus i bhfoilseacháin na Fondúireachta le linn a turas ginealais go Stáit Aontaithe Mheiriceá agus chuig an Astráil/an Nua-Shéalainn freisin. Tá na nithe sin ar fad ina ngné lárnach den obair a dhéantar chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc staraithe gairmiúla agus amaitéaracha, leabharlannaithe agus ginealeolaithe/staraithe teaghlaigh faoi seach. Leagadh fógraí spriocdhírthe sna foilseacháin seo a leanas freisin: Renaissance Quarterly; Irish Arts Review; an iris Irish Roots; an iris Senior Times, Travel Ireland; . Chomh maith leis sin, dáileadh bileoigín tiomnaithe i bpacáistí comhdhála ag an gcomhdháil Sheacaibíteach a tharla in Ollscoil Mhá Nuad i Mí Mheithimh. Ba dhíol mór spéise é foilsíú leabhar an Ollaimh Andrew Carpenter, The poetry of Olivia Elder — iníon le ministir Preispitéireach as Achadh Dubhthaigh in aice le Cúil Raithin, ó nuachtán áitiúil ón gceantar a raibh Olivia Elder ina cónaí (an *Ballymoney Chronicle*) go gné-alt i History Ireland. Bíonn fógraíocht ríthábhachtach maidir le foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc pobail bhunaithe agus pobail nua in Éirinn agus thar lear araon.

'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ

Lean CLÉ le feabhas a chur ar a sheirbhís Eagrán Digiteach sa bhliain 2017. A bhfuí leis an gcomhéadan nua cuardaigh agus léitheoireachta atá i bhfeidhm, rud atá bunaithe ar fhormáid 'léigh ar líne' na Cartlainne Idirlín (<https://archive.org>), cuirfear feabhas ar eispéireas an úsáideora ar Eagrán Dhigiteacha CLÉ agus ar idirghníomhaíocht an úsáideora leis na hEagrán sin. Samhlaítear gurb amhlaidh leis an gcomhéadan nua go gcumasófar d'úsáideoirí cuardach comhuaineach a dhéanamh ar fud na n-eagrán digitithe uile de chuid CLÉ agus cuardach a dhéanamh laistigh d'eagrán aonair freisin. Cuireadh moill ar an obair sin sa bhliain 2017 mar gheall ar an ngá a bhí ann le haitireacht shuíomh Gréasáin CLÉ a athfhorbairt. Tosófar arís ar an obair sa bhliain 2018 nuair a chuirfear suíomh Gréasáin nua CLÉ i bhfeidhm.

Measann CLÉ go bhfuil digitíú a liosta iarshaothair ina chuid dháilís dá shainchúram seirbhíse poiblí chun feabhas a chur ar rochtain agus ar fheasacht ar fhoinní príomha lámhscríbhíne atá i gcló aige fós. Agus é ag obair laistigh de na modhanna agus de na hacmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ a dhícheall úinéirí ceart na n-ábhar uile a úsáidtear ar an rannán 'Eagrán Dhigiteacha' dá shuíomh Gréasáin a fhoinníú agus a aithint. Má chreideann aon úinéir ceart nár sainaitníodh é/i i gceart ar shuíomh Gréasáin CLÉ, nó má chreideann úinéir ceart nár urramaíodh a c(h)óipcheart go hiomlán, moltar dó/di teagmháil a dhéanamh le CLÉ trí ríomhphost a sheoladh chuig support@irishmanuscripts.ie nó trí ghlao a chur ar + 353 1 676 1610.

An tionscadal um Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte

Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal tábhachtach seo sa bhliain 2017. I mí an Mheithimh 2016, síníodh conradh idir CLÉ agus Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chun leagan digitithe inchuadaithe ar líne de na Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte (LSD) a sholáthar sa bhliain 2018. Tá 20 imleabhar ann sna leabhair agus tá siad á gcoinneáil i gCartlann Náisiúnta na hÉireann (tacar Oifig an Chósa Chúitigh). Beidh an acmhainn sin ar fáil le cuardach saor in aisce d'úsáideoirí áit ar bith ar domhan. Cuirfidh sí leis an suíomh Gréasáin reatha don Down



Survey (downsurvey.tcd.ie) chun rochtain a thabhairt ar ‘mhórfhoinse príomha lena mbaineann luach cruthaithe do staraithe, do ghinealeolaithe agus do shaineolaithe logainmneacha’ (Plean Forbartha Straitéisí CLÉ, 2012–2017, lch 14). Táthar ag dréim le ceardlann chun áis nua chuardaigh LSD a phromhadh go luath sa bhliain úr sula dtugtar an tionscadal chun críche ag deireadh Mhí Mhárta 2018. Foilseoidh CLÉ eagrán clóite il-leabhair de théacs tras-scríofa na n-imleabhar lámhscríbhinne freisin. Sampla maith é an comhthionscadal seo den chomhoibriú idir an CLÉ mar fhoilsitheoir, agus sa chás seo mar mhaoinitheoir, agus gníomhairí seachtracha a bhfuil na scileanna acu chun foinsí príomha a chur ar fáil ar ardán ar líne inchuardaithe.

Tionscadal na n-ábhar sábháilte ó 1922


I Meitheamh 2017 d’fhógair Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann comhthionscadal le Cartlann Náisiúnta na hÉireann chun scrúdú a dhéanamh ar 221 bheart ábhair a fuarthas ó Oifig Thaisceart Poiblí Thuaisceart Éireann (OTPTÉ) tar éis a scriosta i 1922, ach nár scrúdaíodh go mion riamh go dtí anois.

Cuirfidh measúnú agus liostáil chaomhantais na mbeart seo cuid de na bailiúcháin ar fáil le haghaidh taighde agus tuilleadh fiosrúcháin agus ceadófar leis sin freisin beartú tosaíochta maidir le tuilleadh caomhaontais. Foilseofar catalóg chóipe crua den ábhar sábháilte ag an CLÉ chun feasacht a spreagadh tuilleadh maidir leis an ábhar seo. Cuirfear an chatalóg ar fáil ar líne freisin. Thug an Dr. Hayes agus mé féin cuairt ar an svúit chaomhantais ag an CNÉ ar 6 Samhain 2017 agus chuaigh méid an ábhair atá i gceist i bhfeidhm orainn, chomh maith le tiomantas na foirne ansin i leith an tionscadail agus an acmhainn ó thaobh thaighde stairiúil de.

Imeacht barrthábhachtach a bhí i scrios OTPTÉ i 1922 i stair na hÉireann. Is é a bhí ann ná díothú sciaranna suntasacha de thairfid na hÉireann agus bhí tionchar uafásach aige ar scríobh stair na hÉireann. Ar shlí tá an scéal ag dul ar ais chuig an tús le rannpháirtíocht an CLÉ sa tionscadal seo, ós rud é gur bh é an tubaiste seo a spreag bunú Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ag W.T. Cosgrave agus ag an Ard-Chomhairle 6 bliana níos déanaí i 1928.

Foilseacháin

Foilsíodh ceithre eagrán nua d’fhoinsí príomha le linn na bliana 2017 chomh maith le sraitheachán an CLÉ, *Analecta Hibernica*. Ina theannta sin, rinneadh athchló ar cheann de na heagraíin chomórtha a bhain le deich mbliana na gcúimhneachán – a foilsíodh den chéaduaire i 2017.



Calendar of State Papers, Ireland, Tudor period, 1509–1547

Curtha in eagar ag an Ollamh Steven Ellis agus ag an Dr. Jim Murray, clúdaíonn imleabhar leathdheireanach seo na Sraithe Nua, foilsithe ag an CLÉ, réim Anraí VIII. Tá na páipéir stáit atá féilirithe san imleabhar seo caomhnaithe sa Chartlann Náisiúnta i Londain. Tá an aicme thairfid SP 60 (Páipéir Stáit, Éire Anraí VIII) ar cheann de na foinsí staire is saibhre maidir le gnóthaí na hÉireann le linn réimeas an rí Thúdaraigh is míchlúití. Soláthraíonn an féilire nua nuashonraithe seo achoimrí faoi gach doiciméad sa bhailiúchán, in éineacht le tacar iomlán tagairtí cartlainne agus beathaisnéise. Feidhmíonn an féilire ní hamháin mar threoir do thaighdeoirí a bhfuil sé i gceist acu bheith ag obair leis an mbunobair ach freisin

léiríonn sé ann féin cuid mhór faoi phríomhimeachtaí staire na tréimhse, lena n-áirítear titim theach Chill Dara, an luathReifirméisean in Éirinn, agus iarrachtaí fhir ionaid éagsúla an Rí Shasanaigh i ndiaidh a chéile na taoisigh Gaelacha agus a gcuid tiarnas a chorprú i bpolaití Shasana in Éirinn.


The poems of Olivia Elder

Curtha in eagar ag an Ollamh Andrew Carpenter, caomhnaíonn an t-eagrán seo d'fhillíocht Olivia Elder (1735–1780) i gcló léargas neamhghnách den saol faoin tuath i gCúige Uladh ag deireadh an ochtú haois déag, agus is léargas mná atá ann. Ba iníon í Olivia Elder le duine de phríomh-Mhinistíre Preisbitéireacha 'an tSolais Nua', John Elder, a bhí ag obair mar mhinistir don phobal in Achadh Dubhthaigh in aice le Cúil Raithin. Cuireadh le hioncam an teaghlaigh trí mheán na feirmeoireachta agus tá idir shonraí ón saol laethúil ar fheirm agus scrúdú ar impleachtaí na diagachta Preisbitéirí araon le feiceáil i véarsaíocht Olivia Elder. Clúdaíonn a véarsaíocht raon suntasach ábhar i stíleanna filíochta an-éagsúla ar fad, lena n-áirítear eipisitlí, duanmharbhnaí, dánta tréadacha, óideanna, roinnt amhrán, a lán fo-rann agus roinnt aortha neamhbhalbha a thagair go díreach d'áiteanna agus do dhaoine a raibh aithne aici orthu. Scríobh sí véarsa scigaitrise freisin in Ultais.


Cé go bhfuil saothar Olivia Elder chomh maith céanna le saothar fhilí eile mná a bhí ag scríobh i Sasana agus i Meiriceá ag an am sin, seasann a cuid dánta amach go láidir i gcuideachta na bhfilí sin mar gheall ar cé chomh neamhbhalbh is a bhí sí agus cé chomh beoga is a bhí a cuid íomhánna. Guth an-suaithinseach agus an-bhaineann a bhí aici, a spreagann muid chun spleáchadh eile a thabhairt ar an saol cultúrtha i gCúige Uladh san ochtú haois déag. Mhair dánta Olivia Elder mar lámhscríbhinn i mbailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar NLI MS 23254. Seo an chéad uair a foilsíodh an lámhscríbhinn sin.

Analecta Hibernica, no. 48

Bhí le fáil san eagrán seo den sraitheachán ón gCoimisiún na haistí seo a leanas: 'Robert Cowley's 'A discourse of the cause of the evil state of Ireland and the remedies thereof', c. 1526' (arna chur i láthair ag David Heffernan); 'Sir Barnaby O'Brien's Irish revenues: Thomond rent, 1629 and Carlow tenants 1639' (arna chur i láthair ag Brian Mac Cuarta); 'Additional Patrick Darcy papers: correspondence and legal opinions, 1632, 1661–62' (arna chur i láthair ag Bríd McGrath); 'Financial accounts of Thomas Wentworth, Earl of Strafford, and Sir George Radcliffe, 1639–40' (arna chur i láthair ag Fiona Pogson); agus 'The library of a seventeenth-century Irish physician — Charles Willoughby, MD, c. 1630–1694' (arna chur i láthair ag K. Theodore Hoppen). Tá mar chuid den eagrán seo freisin tuarascáil an Choimisiúin don Aire Ealaíon, Oidhreachta & Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta do 2016. Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl an athuair don Ollamh James Kelly, eagarthóir ar *Analecta Hibernica*. Thar na ceithre bliana déag seo a chuaigh thart, d'éirigh leis an sraitheachán seo ón gCoimisiún a sholáthar de réir sceideal rialta foilsithe.




Act Book of the Corporation of Coleraine, 1623–1669




Cuireadh an t-eagrán seo in eagar go han-chúramach le an Dr Bríd McGrath ar fad agus taispeánann sé go ndearnadh gach socrú tábhachtach maidir le forbairt agus le riar Chúil Raithin sna deich mbliana roimh 1623 i Londain; ina dhiaidh sin bhí níos mó deise ag Comhairle Choiteann Chúil Raithin fairsingiú an bhaile a stiúradh agus lárionad agus pobal uirbeach nua a chruthú i dtuaisceart na hÉireann. Soláthraíonn an t-eagrán seo liosta iomlán de bhallaíocht na Comhairle Coitinne chomh maith le cur síos iomlán ar a gcuid socruithe. Tá an lámhscríbhinn spéisiúil ós rud é go dtaifeadann sé iarrachtaí na Comhairle smacht a fháil ar chúrsaí trádála, a caidreamh leis an bpobal trádála agus leis an arm, na bealaí a bhí aici chun cánacha a fháil, an freagra a thug sí ar shuaitheadh thréimhse na 1640í, agus an tslí a ndeachaigh sí i dtaithí ar an gComhlachas agus ar Athghairm an Rí. Chomh maith le gnó níos foirmeálta, léirítear ann speis na gcomhairleoirí ina gcuid leasanna agus ina stádas sóisialta féin, lena n-áirítear na toghcháin bhliantúla don mhéara agus a stádas laistigh den Chomhairle, ach freisin an tslí a bhfuair siad comharthaí stádais leithéidí éide oifigiúil agus airgead baile. Níor foilsíodh an lámhscríbhinn seo riamh roimhe seo agus táimid buíoch do Thiarna Phort Láirge as é a chur ar fáil lena fhoilsiú.

1641 Depositions, vol. IV: Dublin



Seo an ceathrú himleabhar in eagrán dhá imleabhar déag Theistíochtaí 1641, a bhfuil an tOllamh Aidan Clarke mar phríomheagarthóir air. Fianaise ó fhinnéithe atá i dTeistíochtaí 1641, a tugadh go príomha ag Protastúnaigh, ach freisin ag roinnt Caitliceach, ó gach cineál cúlra shóisialta, a bhain leis an taithí a bhí acu ar Éirí Amach 1641. I dtús báire bhí an tionscadal as ar eascair leabhar theistíochtaí Bhaile Átha Cliath beartaithe mar insint dhoiciméadach ar bhriseadh amach an Éirí Amach. Tá teistíochtaí Bhaile Átha Cliath suaithinseach ar dhá bhealach. Ós rud é go raibh infheistíocht fhorleathan déanta ag cónaitheoirí cathrach i réadmhaoin taobh amuigh den chontae agus cionn is gur thug teifigh seoladh i mBaile Átha Cliath uaireanta, baineann na cailleanais a thuairiscíonn siad leis an tír ar fad. Agus ós rud é gur thosaigh muintir Bhaile Átha Cliath ag baint leasa as na teistíochtaí mar bhealach chun gearáin a chlárú, tagann pictiúr soiléir chun cinn de chathair atá faoi bhrú ollmhór.

Eoin MacNeill: memoir of a revolutionary scholar



I gcuimhní cinn Eoin Mhic Néill, a scríobhadh sna 1930idí, pléitear lena luathóige i gCo. Aontroma, lena chuid oideachais i mBaile Átha Cliath agus leis an ról a bhí aige ina dhiaidh sin sa ghluaiseacht athbheochana teanga agus sa pholaitíocht náisiúnach. Tagann na cuimhní cinn chun deiridh tamaillín tar éis na bliana 1925 nuair a d'fhill sé ar an léann. Chuir an Dr Brian Hughes an t-eagrán seo in eagar agus ba chuid de rannchuidiú CLÉ le deich mbliana na gcuimhneachán é; foilsíodh den chéad uair é i Meán Fómhair 2017. Cúis sásaimh é tabhairt le fios gur cuireadh athchló ar an eagrán seo ag tús 2018 ós rud é go raibh an chéad rith cló díolta amach.

Pleanáil don bhliain 2018

Cé go raibh roinnt eagrán gar dá bhfoilsíú ag deireadh na bliana 2017, ní raibh siad curtha ar aghaidh lena bpriontáil go fóill. Tá na heagrán seo a leanas le foilsíú go luath sa bhliain 2018: agus Poema de Hibernia: a Jacobite Latin epic on the Williamite wars, arna chur in eagar ag Pádraig Lenihan agus ag Keith Sidwell; Calendar of Papal Registers, Papal Letters, vol. xxiii, part 1, Clement VII (1523–1534), Lateran Registers, arna chur in eagar lena fhoilsíú ag Alan Macquarrie; agus The Act Book of the diocese of Armagh, 1518–1522 arna chur in eagar ag John McCafferty.

Ócáidí seolta

Bhí 3 ócáid seolta ann sa bhliain 2017: i mí an Mhárta, i mí Aibreáin agus i mí na Samhna. Tionóladh dhá cheann de na hócáidí seolta i seomraí Chartlann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ), a bhfuil CLÉ ag roinnt cóiríochta léi ag uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Táimid an-bhuíoch den Chartlann as an gcúnamh agus as an tacaíocht a thug sí ar na hócáidí sin. Tionóladh an fáiltiú do sheoladh eagrán Olivia Elder in Acadamh Ríoga na hÉireann.

Ar 3 March tharla an seoladh foirmeálta don dá imleabhar is déanaí i sraithe nua Calendar of State Papers, Ireland (CSPI) don tréimhse Thúdarach. Cé go raibh sé ar fáil ó bhí 2016 ann, seoladh féilire de pháipéir stáit an Ollaimh Colm Lennon do réimeas Éadbhard VI in éineacht leis an bhféilire is déanaí a foilsíodh, ceann Anraí VIII, arna chur in eagar ag an Ollamh Steven Ellis agus ag an Dr. James Murray. Agus é ag seoladh an dá imleabhar, dúirt Eagarthóir Ginearálta na sraithe, an tOllamh Nicholas Canny, gurbh fhiú go mór an dá fhéilire a léamh go cúramach agus mhol sé na heagarthóirí as a ndúthracht fhíorchúramach agus iad á dtáirgeadh. Ag an seoladh cairdiúil taitneamhach labhair na heagarthóirí ar fad faoi cé chomh sásta is a bhí siad go raibh a gcuid oibre curtha i gcrích acu agus go rabhtas níos cóngaraí do chríochnú na sraithe.

Ar 4 Aibreán, tharla seoladh eagrán an Ollaimh Andrew Carpenter de dhánta Olivia Elder in Acadamh Ríoga na hÉireann ar Shráid Dhásain. Sheol an tOllamh Sarah Prescott, Ceann Feadhna Choláiste Ealaíon agus Daonnachtaí COBÁC, an t-eagrán os comhair lucht féachana a bhain sult as an ócáid. Tar éis di bheith ag obair ar an lámhscríbhinn le haghaidh a páipéir faoi fhilí mná a bhí ag scríobh in Éirinn, in Albain agus sa Bhreatain Bheag san ochtú haois déag, ba í an tOllamh Prescott an duine oiriúnach le labhairt faoi luach na lámhscríbhinne seo. Agus í ag léamh ó na dánta, thug an tOllamh Prescott roinnt léargas ar phearsantacht uaigneach agus pas beag cantalach an údair, agus í tugtha don aoir, ach thug sí léargas freisin ar an gcothromaíocht a bhí ann de shíor idir mian Olivia Elder dánta a scríobh agus a cuid dualgas teaghlaigh. Thug sí breac-chuntas ar na comhthéacsanna éagsúla inarbh fhéidir na dánta a léamh: mar tháifead ar shaol na bPreispitéireach i gCúige Uladh, den saol faoin tuath agus mar shaothar file mná. Mar fhocail scoir luaigh an tOllamh Prescott a laghad scríbhinní le hUltaigh mná a mhair go dtí inniu, agus ghabh sí a buíochas leis an Ollamh Carpenter as an lámhscríbhinn a thras-scríobh agus do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann as í a fhoilsíú. Agus é ag tabhairt freagra ar an Ollamh Prescott, mhol an tOllamh Carpenter an t-eagrán don lucht féachana, ag rá go raibh níos mó ann ná foinse don stair shóisialta ach freisin don stair chultúrtha, agus dar leis gur chúis cheiliúrtha a bhí ann go raibh filíocht agus cultúr chomh tábhachtach



sin do dhaoine in áit chomh hiargúlta sin in Éirinn. Chuir an Dr. Linde Lunney, ón gceantar céanna ina raibh Olivia Elder ina cónaí, an dliáóg mhullaigh ar an tráthnóna nuair a léigh sí 3 dhán ón leabhar; leis sin thug sí beocht do fhriotal agus do rithimí na ndánta, rud a thaitin go mór leis an lucht féachana.



Ar 30 Samhain tionóladh comhsheoladh do dhá eagrán ón seachtú haois déag a foilsíodh i Mí Dheireadh Fómhair: Act Book of the Corporation of Coleraine 1623–1668, arna chur in eagar ag Bríd McGrath agus 1641 Depositions, vol. IV: Dublin, príomheagarthóir Aidan Clarke. Agus é ag seoladh eagrán an Dr. McGrath, mhol an Dr. David Edwards í as a scoláireacht chúramach agus chuir sé béim ar an saibhreas eolais atá ar fáil ó bheith ag léamh na lámhscríbhinne seo go cúramach. Ina aitheasc agus é ag seoladh an ceathrú himleabhar i sraith Theistíochtaí 1641, thug an tOllamh Colm Lennon moladh freisin d’fhoireann tionscadail 1641, a raibh cuid mhór den fhoireann i láthair ag an seoladh, maidir leis an eolas iontach agus mionsonraithe a bhí curtha ar fáil acu maidir le taithí íobartaigh Éirí Amach 1641, ní do Bhaile Átha Cliath amháin, ach do gach áit in Éirinn.



Airgeadas

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chistiú a fuair CLÉ ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (ar ar tugadh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta suas go mí Iúil 2017) sa bhliain 2017. Ní bheadh CLÉ in ann an sainchúram atá air a chomhlíonadh gan an deontas a fhaigheann sé ón Roinn. Is é an cistiú bliantúil sin an bonn faoi chlár foilsithe CLÉ. Cé gur laghdaíodh an deontas bliantúil le blianta beaga anuas, tá sé tábhachtach go ndéanfaí breithniú maidir leis an deontas a thabhairt ar ais chuig an leibhéal a bhí i gceist roimhe seo, de réir mar a tharlaíonn an téarnamh geilleagrach.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun ómós a thabhairt do na comhaltaí den Aonad Foras Cultúir a rinne idirchaidreamh le CLÉ thar ceann na Roinne sa bhliain 2017, go háirithe an tUas. John Kennedy agus an tUas. Colm Lundberg. Táimid ag tnúth le leanúint de bheith ag obair leis an Roinn chun an sainchúram atá ar CLÉ mar fhoilsitheoir foinsí príomha ar stair agus ar chultúr na hÉireann a chomhlíonadh agus chun cur leis an ról atá ag CLÉ mar nasc tábhachtach idir an pobal oidhreachta cultúrtha agus an mórfhobal taighdeoirí ar na daonnachtaí.

An tOllamh James McGuire, Cathaoirleach Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, 2003–2017

Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil le hobair mo réamhtheachtaí, James McGuire, 9ú Cathaoirleach an CLÉ. Le linn a théarma oifige tharla mórathruithe, leoga d'éascair dúshláin maidir le réachtáil an CLÉ. Áiríodh orthu seo ionchorprú an Choimisiúin mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta i 2006, forbairtí ar nós díolacháin idirlíne agus digitíú liosta na saothar atá fós i gcló, rannpháirtíocht san Oíche Chultúir ó 2008 go dtí an lá atá inniu ann, ócáidí seolta taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, cur i bhfeidhm dhá phlean forbartha straitéisí (2008–2011 agus 2012–2016) chomh maith le bheith ag plé le dúshláin iomadúla físcacha agus eagraíochtúla an choir chun donais eacnamaíoch ó bhí 2008 ann. Le linn a chathaoirleachta, chuir an tOllamh James Kelly eagar ar 11 eagrán de Analecta Hibernica agus foilsíodh 48 eagrán d'fhoinsí lámhscríbhinní i 52 imleabhar. Is fíor a rá gurbh iad cruthaíocht, fuinneamh agus uailmhian na tréithe a bhain lena théarma chomh maith le tuiscint agus foighne. Is mór an onóir dom féin agus do na Coimisinéirí eile teacht i gcomharbacht ar chomhlachas a bhfuil sceideal bríomhar foilsithe ag baint leis, liosta bisiúil tionscadal atá le teacht gan mhoill agus atá réidh le tabhairt faoi éilimh dhomhain fhoilsitheoireachta atá ag éirí níos digití i rith an ama. Thug James McGuire seirbhís don CLÉ agus don Dictionary of Irish Biography agus dá líon mór mac léinn agus comhghleacaithe ag COBÁC a bhí, ar gach slí, neamhleithleasach agus thar cionn.

Conclúid

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don obair atá déanta ag an Dr Cathy Hayes, riarthóir an Choimisiúin, agus don tiomantas atá léirithe aici ní amháin sa bhliain 2017 ach ó ceapadh í den chéad uair sa bhliain 2006.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aird a tharraingt ar rud atá scríofa ag mo réamhtheachtaí i dtuarascálacha roimhe seo, is é sin: ní fhaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair i leith an rannchuidithe riachtanaigh a dhéanann siad, ar rannchuidiú é a chuireann ar chumas an Choimisiúin an sainchúram atá air a chomhlíonadh. Tá an traidisiún seirbhíse sin don léann agus don stát araon á choinneáil ar bun ó bunaíodh an Choimisiún sa bhliain 1928.

John McCafferty
Cathaoirleach
Feabhra 2018



James McGuire, Cathaoirleach CLÉ 2003–2017, ag an ócáid seolta don dá imleabhar sa tsraith CSPI i Márta 2017.

Faisnéis faoin gCuideachta



Stiúrthóirí

John McCafferty (Ceaptha mar Chathaoirleach ar 11 Iúil 2017)	
James Ivan McGuire (Cathaoirleach)	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Ciara Breathnach	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Nicholas Patrick Canny	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Sandra Collins	
David Dickson	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
David Edwards	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Chris Flynn	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Patrick Geoghegan	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
David William Hayton	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Thomas Alvin Jackson	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Elva Johnston	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Greta Jones	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
James Kelly	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Michael Kennedy	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Mary Ann Lyons	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Máire Mac Conghail	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Kate Manning	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
John McDonough	
Deirdre McMahon	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Donal Moore	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Hiram Morgan	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Nicola Morris	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Thomas O'Connor	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Dáibhí Ó Cróinín	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Ruán O'Donnell	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Mary O'Dowd	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Jane Ohlmeyer	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Michael Willis	

Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir Chláraithe na Cuideachta

414351

Uimhir Chláraithe Charthanais

CHY 17206

Oifig Chláraithe agus Seoladh Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

Iniúcháirí

Duignan Carthy O'Neill
884 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann
39 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí



Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i láthair.

Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt amach anseo

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus chuir sí tús le gníomhaíochtaí ar an dáta sin.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann foinsí príomha lámhscríbhinní do stair agus cultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní fhoilseofaí na foinsí sin ar shlí eile mar nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh na tráchtála de ar chor ar bith. Mar chomhlacht poiblí, gníomhaíonn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar chomhairleoir don rialtas, nuair is gá, i dtaca le hábhair a bhaineann le foinsí príomha go ginearálta agus cuireann sé feasacht an phobail agus na n-institiúidí ar a thábhachtaí atá na foinsí sin chun cinn.

Athbhreithniú Gnó

Faoi láthair tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann i mbun plean forbartha straitéisí nua a fhorbairt leis an tréimhse 2018-2022 a chlúdach. Tógfaidh an plean nua ar straitéisí a bhí ann roimhe le fis CLÉ a bhaint amach a bhaineann le foilsiú foinsí príomha agus feasacht agus rochtain a chur chun cinn ar ábhair foinsí príomha i dtaca le stair, cultúr agus oidhreacht na hÉireann. Athdhearbhófar sa phlean na tosaíochtaí straitéiseacha de chuid CLÉ atá bunaithe orthu seo: feasacht agus rochtain ar foinsí príomha a fheabhsú; leanúint de ghníomhú mar chomhairleoir saineolaíoch ar shaincheisteanna a bhaineann le lámhscríbhinní agus foinsí príomha go ginearálta; agus a liosta iarshaothair atá i gcló a dhigitiú le linn freastal ar chaomhnú fadtéarmach na n-acmhainní digiteacha arna gcruthú.

Forbairt Amach Anseo

Mar atá leagtha amach sa phlean forbartha straitéisí, leanfaidh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ar aghaidh ag leithdháileadh a chuid acmhainní ar foinsí príomha lámhscríbhinní a fhoilsiú. Ina theannta sin, leanfaidh sé ar aghaidh ag cur chaomhnú na bhfoinsí príomha ó gach ré chun cinn agus go háirithe ag méadú fheasacht an phobail ar an ngá atá le páipéir agus comhfhreagras na linne seo a chaomhnú trí obair a Choiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain. Is amhlaidh san am atá le teacht go mbeidh na taifid sin ar na foinsí príomha a mbainfidh staraithe atá ag déileáil leis an aonú haois is fiche leas astu. Ar aon dul lena shainchúram seirbhíse poiblí, bainfidh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann úsáid as teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagráin leictreonacha dá liosta iarshaothair atá i gcló a chur ar fáil trína shuíomh Gréasáin agus trí thairseacha oidhreachta cultúrtha oiriúnacha de chuid na tíre seo agus de chuid na hEorpa. Déanfar foilseacháin de chuid Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann nach bhfuil i gcló a thuilleadh a chur ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí in Éirinn agus níos faide anonn.

Torthaí

B'ionann an t-easnamh don bhliain tar éis soláthar a dhéanamh do dhímheas agus €27,590 (2016 – easnamh €46,785).

Taighde agus Forbairt

Níor tabhaíodh aon chostais taighde agus forbartha sa bhliain.

Staid Gnóthaí

Is é tuairim na stiúrthóirí gur sásúil atá staid gnóthaí na cuideachta agus nár tháinig aon athrú ábhartha chun cinn ó dháta an chláir chomhardaithe i leith.

Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna

Ba iad seo na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí i mbun oibre le linn na bliana:

Stiúrthóirí

John McCafferty	(Ceaptha mar Chathaoirleach, 11 Iúil 2017)
James Ivan McGuire	(Cathaoirleach, éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Ciara Breathnach	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Nicholas Patrick Canny	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Liam Chambers	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)

Tuarascáil na Stiúrthóirí do bhaill Choimisiúin Lámhscríbhinní na hÉireann

Sandra Collins	
David Dickson	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
David Edwards	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Chris Flynn	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Patrick Geoghegan	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
David William Hayton	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Thomas Alvin Jackson	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Elva Johnston	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Greta Jones	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
James Kelly	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Michael Kennedy	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Mary Ann Lyons	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Máire Mac Conghail	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Kate Manning	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
John McDonough	
Deirdre McMahon	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Donal Moore	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Hiram Morgan	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Nicola Morris	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Thomas O'Connor	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Dáibhí Ó Cróinín	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Ruán O'Donnell	(Éirithe as ar 10 Iúil 2017)
Mary O'Dowd	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Jane Ohlmeyer	(Ceaptha ar 11 Iúil 2017)
Michael Willis	

Rúnaí Cuideachta:

Cathy Hayes

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Tugann gach comhalta den chuideachta gealltanas go ndéanfaid siad rannfócaíocht le hacmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfaí í a fhoirceannadh agus é/í ina c(h)omhalta di nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dó/di éirí as a bheith ina c(h)omhalta di, chun íoc as fiacha agus dliteanais na cuideachta a tabhaíodh sula n-éiríonn sé/sí as bheith ina c(h)omhalta, agus as na costais, na muirir agus na speansais a bhaineann le foirceannadh agus as coigeartú chearta na rannpháirtithe eatarthu féin, mar cibé suim a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, nach sáraíonn aon Euro amháin.

Beidh gach stiúrthóir i seilbh oifige ar feadh cúig bliana agus beidh sé/sí incháilithe lena (h)athcheapadh ina dhiaidh sin. Is ar bhonn deonach a fhónann na stiúrthóirí go léir.

Rannfócaíochtaí Polaitíochta

Níor thug an chuideachta aon síntiúis pholaitíochta sa bhliain.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán atá i bhfeidhm in Éirinn.

Le dlí na gcuideachtaí atá i bhfeidhm in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus leis an gCleachtas Cuntasafóchta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn' arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amháin dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó cailteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go bhfuil siad ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cé acu a ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme nó nár ullmhaíodh, na caighdeáin sin a aithint, agus tionchar aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin, agus na cúiseanna leis an imeacht/na himeachtaí sin, a thabhairt dá n-aire; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé cuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcinntíonn an chuideachta go gcoinnítear, leabhair chuntasaíochta leordhóthanacha lena mínítear agus lena dtaifeadtar idirbhearta na cuideachta i gceart, lena gcumasaítear sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailleanas na cuideachta a dhearbhu le cruinneas réasúnta tráth ar bith, lena gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus lena gcumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta a rinne na stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur chun feidhme le haghaidh idirbhearta a thaifeadadh, pearsanra inniúil cuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí aige a fhostú agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Is iad na príomhrioscaí agus na neamhchinnteachtaí a bhfuil tionchar acu ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ná cistiú leanúnach ón Roinn Cultúir Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá buiséad bliantúil faighte ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann go dtí seo lena cuireadh ar a chumas a phríomhshainchúram, mar atá foilsíú, a chomhlíonadh. Mar sin féin, is féidir linn a fheiceáil ón gcor chun donais eacnamaíoch a tháinig aníos sa bhliain 2008 go mbíonn riosca ann nach gcuirfead cistiú leordhóthanach ar fáil i gcónaí.

Ráiteas faoi fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta

Dheimhnigh gach duine díobh sin a bhí ina stiúrthóirí nuair a faomhadh Tuarascáil na Stiúrthóirí:

- nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta ann, de réir eolas an stiúrthóra, nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus
- go ndearna an stiúrthóir gach ceann de na bearta ba ghá a dhéanamh mar stiúrthóir chun eolas a ghnóthú ar aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta agus chun a dheimhniú go bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Iniúcháirí

De réir alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, chuir na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh i mbun oifige.

Thar ceann an Bhoird

John McCafferty

Stiúrthóir

27 Feabhra 2018

Máire Mac Conghail

Stiúrthóir

27 Feabhra 2018

Tuarascáil na nIníúchóirí Neamhspleácha



Tuarascáil faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017, a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Cateachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, an Ráiteas faoi Athruithe i gCistí agus na nótaí do na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná Dlí na hÉireann agus an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - 'an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'.

Is é ár dtuairim:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chreata tuairiscithe airgeadais chuif agus de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 go háirithe.

Bonn na Tuairime

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (Éire) (ISAs (Éire)) agus de réir an dlí infheidhmithe. Cuirtear síos tuilleadh ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin i bhFreagrachtaí an Iniúcháir d'iniúchadh roinn ráiteas airgeadais ár dtuarascála. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na riachtanas eiticíúil atá ábhartha d'ár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil a eisítear ag IAASA, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar d'ár dtuairim.

Cinntí a bhaineann le Gnóthas Leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas mar a gcuireann ISA's (Éire) iachall orainn tuairisciú daoibh:

- nuair nach bhfuil úsáid na stiúrthóirí den bhonn gnóthais leantaigh cuntasáíochta iomchuí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais; nó
- níor nocht na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon neamhchinnteachtaí ábhartha a aimsíodh ar féidir go mbeidís ina gcúis amhrais faoi chumas na cuideachta glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh cuntasáíochta ar feadh tréimhse de dhá mhí déag, ar a laghad, ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Eolas eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas sin atá le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil Iniúcháir faoin eolas céanna. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas, agus seachas sa mhéid sin a dhearbhaítear go sonrach inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de thátal ráthaíochta faoi sin.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í an fhreagracht atá againn ná an t-eolas eile a léamh agus le linn dúinn sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile comhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh nó má fheictear dúinn go ndearnadh míráiteas faoi go hábhartha seachas sin. Má aimsimid a leithéid de

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do bhaill Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

neamhchomhsheasmhachtaí nó míráitis ábhartha follasacha, tá dualgas orainn cinneadh an ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den eolas eile. Más é an tatal a bhainimid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha an eolais eile seo, tá dualgas orainn tuairisc a thabhairt faoi sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Tuairim faoi nithe eile atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn an iniúchta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscimid an méid seo:

- is í ár dtuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- is í ár dtuairim gur ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na riachtanas infheidhmithe dlí.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aidhmeanna an iniúchta faighte againn.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag réiteach leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint faoin gCuideachta agus faoina timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aimsíomar míráitis ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Is trí Acht na gCuideachtaí 2014 a cheanglaítear orainn tuairisciú daoibh má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear in ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Freagrachtaí faoi seach

Freagrachtaí na stiúrthóirí do na ráitis airgeadais

Faoi mar a mhínítear ar shlí níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom, agus as a leithéid de rialú inmheánach is a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó ar earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar atá infheidhmithe, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta ach amháin má tá sé i gceist ag an lucht bainistíochta cé acu an Chuideachta a leachtú, sin nó éirí as a bheith i mbun oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu seachas a leithéid a dhéanamh.

Freagrachtaí na nIniúcháirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuid cuspóirí ná ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó earráid, agus Tuarascáil Iniúcháirí a eisiúint a bhfuil ár dtuairim mar chuid di. Is ardeibhéal ráthaíochta é ráthaíocht réasúnta, ach ní barántas atá ann go n-aimseoidh iniúchadh a chuirtear i gcrích de réir ISAs

(Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as caimiléireacht nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha, dá bhféadfaí bheith ag súil leis go réasúnta, ar bhonn aonair nó go comhiomlán, go rachaidís i bhfeidhm ar shocruithe eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár gcuid freagrachtaí maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin IAASA ag: [https://www.iaasa.ie/Publications/ISA-700-\(Ireland\)](https://www.iaasa.ie/Publications/ISA-700-(Ireland)). Cuid d'ár dTuarascáil Iniúcháirí is ea an cur síos seo.

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do bhaill Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Cuspóir ar n-oibre iniúchta agus cé a bhfuil freagrachtaí dlite againn ina leith

Déantar an tuarascáil seo do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Roinn 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchta sa tslí gurbh fhéidir linn dearbhú do bhaill na Cuideachta na nithe sin a gceanglaítear orainn iad a dhearbhu i dTuarascáil Iniúcháirí, ní do chuspóir ar bith eile. Oiread agus a cheadaítear ag an dlí, ní ghlacaimid freagracht, ná ní ghlacaimid léi, maidir le haon duine seachas an Chuideachta agus baill na Cuideachta, mar chomhlachas, as ár gcuid oibre iniúchta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí sin ar tháinig muid orthu.

Timothy F. Carthy

Ar son agus thar ceann Duignan Carthy O'Neill

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe

84 Bóthar Northumberland

Baile Átha Cliath 4

Dáta: 27 Feabhra 2018

Cuntais Iniúchta



CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

		2017	2017	Oibríochtaí leanúnacha
	Nótaí	€	€	2016
				€
Ioncam – Díolacháin leabhair	4		18,712	17,205
Ríchíosanna			2,004	2,173
Costas Díolacháin Tionscadail			(71,043)	(56,123)
(Easnamh) oibríúcháin			(50,327)	(36,745)
An Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta (RCOG)	5			
- Deontas Bliantúil			235,000	181,680
- Commentarius			6,329	11,709
Ioncam ilghnéitheach			1,255	1,003
Seirbhísí cíosa neamhairgid a bronnadh		(40,900)		
Muirear cíosa neamhairgid		(40,900)	—	—
Costais riaracháin			(75,442)	(73,824)
Costais Eagarthóireachta agus Foilsithe			(71,283)	(72,690)
Costais Oifige			(42,150)	(34,822)
Cistiú do Thionscadail Speisialta			(30,983)	(23,147)
 			—————	—————
(Easnamh) don bhliain	6		(27,601)	(46,836)
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil			11	51
 			—————	—————
Glanioncam/(Glancaiteachas) don bhliain	16		<u>(27,590)</u>	<u>(46,785)</u>

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann seachas an Glanioncam/(Glancaiteachas) don dá bhliain airgeadais thuas.

CLÁR COMHARDAITHE
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2017

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
 Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta nach bhfuil Scairchaipiteal aici

	Nótaí	2017 €	2016 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	9,145	12,426
Sócmhainní Reatha			
Stoic	10	17,784	25,994
Féichiúnaithe	11	10,311	13,955
Airgead sa bhanc agus ar láimh	12	<u>195,390</u>	<u>205,553</u>
		<u>223,485</u>	<u>245,502</u>
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin			
Ioncam iarchurtha	13	(17,763)	(9,142)
	14	<u>(6,247)</u>	<u>(12,576)</u>
		<u>(24,010)</u>	<u>(21,718)</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>199,475</u>	<u>223,784</u>
Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanais Reatha		<u>208,620</u>	<u>236,210</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Rannócaíocht Chaipitil	15, 17	154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	15	<u>53,789</u>	<u>81,379</u>
Cistí	16	<u>208,620</u>	<u>236,210</u>

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 27 Feabhra 2018 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

John McCafferty
 Stiúrthóir

Máire Mac Congail
 Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I gCISTÍ

Ráiteas FAOI Athruithe i gCistí don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitil	Cothromas Iomlán
	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2017	81,379	154,831	236,210
Caillteanas don bhliain	<u>(27,590)</u>	<u>—</u>	<u>(27,590)</u>
Ag an 1 Nollaig 2017	<u>53,789</u>	<u>154,831</u>	<u>208,620</u>

I leith na bliana roimhe:

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitil	Cothromas Iomlán
	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2016	128,164	154,831	282,995
Caillteanas don bhliain	<u>(46,785)</u>	<u>—</u>	<u>(46,785)</u>
Ag an 31 Nollaig 2016	<u>81,379</u>	<u>154,831</u>	<u>236,210</u>

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	2017	2016
	€	€
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Easnamh don bhliain	(27,160)	(46,836)
Coigeartuithe do na rudaí seo:		
Dímheas	10,486	3,127
Laghdú/(méadú) i stoic	8,210	4,948
(Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe	3,644	(5,484)
(Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe	(8,621)	(12,549)
Ioncam iarchurtha	<u>(6,329)</u>	<u>(11,709)</u>
Glanairgead tirim ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>(2,869)</u>	<u>(68,503)</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ús a fuarthas	11	51
Caiteachas caipitil	<u>(7,305)</u>	<u>(3,228)</u>
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	<u>(7,294)</u>	<u>(3,177)</u>
Sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin	—	—
(Glanlaghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim sa bhliain	<u>(10,163)</u>	<u>(71,680)</u>
Réiteach sreafa ghlain airgid le gluaiseacht i nglanfhiachas		
(Laghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim sa bhliain	(10,163)	(71,680)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 1 Eanáir 2017	12 <u>205,553</u>	<u>277,233</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig 2017	12 <u>195,390</u>	<u>205,553</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

1. Faisnéis Ghinearálta

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, atá corpraithe i bPoblacht na hÉireann, leis an uimhir chláráithe 414351, agus lena seoladh cláráithe ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

2. Beartais Chuntasaíochta

2.1. Bunús ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus comhlíonann siad caighdeán tuairisceoireachta airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais [agus a chuirtear i bhfeidhm ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann] lena n-áirítear FRS 102 “An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”) agus Acht na gCuideachtaí 2014.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, is é sin le rá airgeadra feidhmiúil na cuideachta.

2.2. Ioncam

Luaitear ioncam glan ó lascainí trádála agus lacáistí méide agus tagann sé ó dhíolachán leabhar atá laistigh de ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ar dhíolachán leabhar nuair a aistríonn an chuideachta na rioscaí suntasacha agus na luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht na n-earraí, rud a tharlaíonn de ghnáth nuair a dhéantar na leabhair a sheachadadh go fisiceach chuig an gceannaitheoir.

2.3. Ionstraimí Airgeadais

Ní aithnítear sócmhainn airgeadais ná dliteanas airgeadais ach tar éis don chuideachta éirí ina páirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraimí.

Ní théann an chuideachta isteach ach in idirbhearta bunúsacha ionstraimí airgeadais a bhfuil de thoradh orthu go n-aithnítear sócmhainní agus dliteanas airgeadais amhail cuntais trádála agus cuntais infhála agus infíochta eile.

Déantar ionstraimí fiachais amhail cuntais infhála agus infíochta a thomhas ar dtús ag luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí agus ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh. Is ag suim neamhslasainithe an airgid thirim nó na comaoine eile a meastar go n-íocfar nó go bhfaighfear é/í a thomhaistear ionstraimí fiachais atá infíochta nó infhaighte laistigh de bhliain amháin i dtús nó ina dhiaidh sin. Is suimeanna infíochta trádála agus suimeanna infhaighte trádála iad de ghnáth.

Cuimsíonn airgead tirim an t-airgead tirim ar láimh agus taiscí prapéilimh. Cuimsíonn coibhéisí airgid thirim infheistíochtaí gearrthéarmacha ríleachtacha ar féidir iad a chomhshó go réidh ina suimeanna aitheanta airgid thirim lena mbaineann riosca neamhshuntasach go n-athrófar a luach.

2.4. Ainm na Cuideachta

Fuair an chuideachta ceadú faoi alt 1180(1) d’Acht na gCuideachtaí 2014 na focail ‘Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta’ a fhágáil amach as a hainm.

2.5. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas

Soláthraítear dímhéas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun an costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh thar a saol ionchais úsáideach ar bhonn líne dírf mar seo a leanas:

- Daingneáin, feistis agus ríomhairí – 20%.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a thairfeadh i dtús ag an gcostas stairiúil. Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh bearnaithe i dtréimhsí i gcás ina dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach anonn in-aisghabhála.

2.6. Stoc

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisreacha nó stoic as feidhm.

2.7. Pinsin

Tá na costais phinsean arna muirearú sna ráitis airgeadais in ionannas leis an ranníocaíocht a bhí iníoctha ag an gcuideachta le cuntas coigiltis scoir pearsanta (PRSA) sa bhliain. Is bunaithe ar chéatadán seasmhach tuillimh atá an costas a bhaineann le ranníocaíocht a dhéanamh le scéim coigiltis phinsean phearsanta agus muirearaítear é chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol seirbhíse an fhostaí.

2.8. Seirbhísí Cíos

Tá cead ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann an foirgneamh ag 45 Cearnóg Mhuirfean a úsáid. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. Ós rud é gur seirbhís bhronnta a sholáthraítear don chuideachta í sin, measann na stiúrthóirí go bhfuil sé riachtanach an tseirbhís bhronnta a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Chuir siad muirear comhfhreagrach cíos ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais freisin. Muirearaítear an cíos ag luach margaidh an mhargaidh chíos a i mBaile Átha Cliath 2 le haghaidh maoin den mhéid céanna.

2.9. Cáin

Tá an chuideachta díolmhaithe ó cháin de bharr a stádais charthanais. (Uimhir cánach carthanais: 17206)

2.10. Deontais Rialtais

Aithnítear deontais trí mhúnla na bhfabhrúithe a úsáid i gcás ina bhfuil dearbhú réasúnach ann go bhfaighfean an deontas agus go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir atá ina gceangal. Scaoiltear deontais le haghaidh caiteachas caipitil chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol ionchais úsáideach na sócmhainní. Scaoiltear deontais le haghaidh caiteachas ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

3. Breithiúnais agus príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin

Measann na stiúrthóirí gurb ionann na meastacháin agus toimhdí cuntasáíochta thíos agus a gcuid meastachán agus breithiúnas cuntasáíochta:

Gnóthas Leantach

Measann na stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna anonn agus ar aicmiú na sócmhainní agus na ndlíteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Luacháil Stoic

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic as feidhm.

Bronntanais Seirbhíse Cíos

Luacháiltear bronnadh úsáid an fhoirgnimh ag an luach margaidh a bhaineann le maoin den chineál céanna a fháil ar cíos sa cheantar céanna.

4. Ioncam

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don bhliain óna príomhghníomhaíocht a dhéantar go hiomlán in Éirinn.

5. An Deontas ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (6 Mhí Iúil 2017)

	2017	2016
	€	€
Deontas Bliantúil	235,000	181,680
Commentarius	6,329	11,709
	<u>241,329</u>	<u>193,389</u>

Tá dlíteanas teagmhasach ann le deontais rialtais a fhaightear a aisíoc i gcás nach n-úsáidtear an deontas chun na críche a tugadh é.

6. Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain

	2017	2016
	€	€
Luaítear an Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain tar éis é seo a mhúirearú:		
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	10,586	3,127

7. Fostaithe

Líon Fostaithe

Déantar na costais foirne a anailísiú sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2017	2016
	Líon	Líon
Líon fostaithe	1	1

Déantar na costais foirne a anailísiú sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Tuarastail (lena n-áirítear cúnamh riaracháin)	85,006	85,956
Pinsean	5,995	5,995
Costais leasa shóisialaigh (lena n-áirítear cúnamh riaracháin)	8,574	8,732
	99,575	100,683

8. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin agus feistis	Iomlán
Costas	€	€
Ag an 1 Eanáir 2017	48,186	48,186
Breiseanna	7,305	7,305
Ag an 31 Nollaig 2017	55,451	55,451
Dímheas		
Ag an 1 Eanáir 2017	35,720	35,720
Muirear don bhliain	10,586	10,586
Ag an 31 Nollaig 2017	46,306	46,306
Glanluachanna leabhar		
Ag an 31 Nollaig 2017	9,145	9,145
Ag an 31 Nollaig 2016	12,426	12,426

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile ab fhiú luach measta €48,710 uirthi. Aithnítear na sócmhainní sin sna breiseanna thuas ar luach ainmniúil €1.

9. Costais phinsin

B'ionann costais phinsin agus €5,995 (2016 – €5,995).

10. Stoic

	2017	2016
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	<u>17,784</u>	<u>25,994</u>

Luacháladh stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inrédaithe, cibé acu is ísle.

11. Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2017	2016
	€	€
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	<u>10,311</u>	<u>13,955</u>

12. Airgead sa bhanc agus ar láimh

	2017	2016
	€	€
Cuntas Reatha	34,078	95,567
Cuntas Taisce - Tionscadail Speisialta	127,240	98,045
Cuntas Taisce - Ioncam Neamhdheontais	34,034	11,888
Mionairgead	<u>38</u>	<u>53</u>
	<u>195,390</u>	<u>205,553</u>

13. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2017	2016
	€	€
OCánacha eile agus costais leasa shóisialaigh – ÍMAT/ÁSPC	7,163	(4)
Fabhrúithe	<u>10,600</u>	<u>9,146</u>
	<u>17,763</u>	<u>9,142</u>

14. Ioncam iarchurtha

	2017	2016
Deontais Rialtais	€	€
Ag an 1 Eanáir	12,576	24,285
A scaoileadh sa bhliain	<u>(6,329)</u>	<u>(11,709)</u>
Ag an 31 Nollaig	<u>6,247</u>	<u>12,576</u>

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead a fuarthas i dtaca le tionscadal Commentarius. Níor cuireadh an tionscadal sin i gcrích faoi dheireadh na bliana.

15. Cúlchistí

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipiti	Iomlán
	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2017	81,379	154,831	236,210
Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain	(27,590)	—	(27,590)
Ag an 31 Nollaig 2017	<u>53,789</u>	<u>154,831</u>	<u>208,620</u>

16. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí

	2017	2016
	€	€
Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain	(27,590)	(46,785)
Cistí tosaigh na gcomhaltaí	<u>236,210</u>	<u>282,995</u>
	<u>208,620</u>	<u>236,210</u>

17. Ranníocaíocht Chaipitil

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann airgead tirim ab fhiú €130,731 agus stoc leabhar ab fhiú €24,100 uirthi. Bronnadh troscán agus trealamh oifige eile freisin agus cuireadh ar áireamh iad sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil €1. Is ionann é sin agus ranníocaíocht chaipitil iomlán is fiú €154,831.

18. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Aisíoctar le stiúrthóirí aon speansais taistil agus chothaithe a thabhaíonn siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh. D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeadh aon chíos le hóc as an spás oifige a úsáid. Faoi FRS 102, aithníodh luach margaidh €40,900, lúide costas €40,900, sna ráitis airgeadais don bhliain 2017 (2016: €33,453) mar sheirbhís bhronnta neamh-mhalartaithe.

19. Cúiteamh do phríomhphearsanra lucht bainistíochta

Níor íocadh cúiteamh ar bith le príomhphearsanra lucht bainistíochta sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017.

20. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl aon athruithe suntasacha beartaithe ag na stiúrthóirí maidir le nádúr an ghnó.

21. Páirtí rialaithe deiridh

Tá an chuideachta á rialú ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE HéIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2017

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2017

Comhroinneann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann cóiríocht le Carlann Ailtireachta na hÉireann ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Tá úsáid fuinnimh bunaithe ar dheighilt 20:80 idir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann: Carlann Ailtireachta na hÉireann ar bhunús áitiú an spáis sa teach.

Baineann príomhúsáid fuinnimh Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le téamh (gás nádúrtha arna sholáthar ag Bord Gáis), soilse agus cumhacht (arna soláthar ag SSE Airtricity) agus seirbhísí uisce (Uisce Éireann).

Sa bhliain 2017, d'úsáid Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann 45.6 MWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta díobh seo:

- 21.9 MWh de leictreachas (20% d'úsáid an fhoirgnimh iomláin, arb ionann í agus 109.3 MWh)
- 23.7 MWh de bhreolaí iontaise (mar ghás nádúrtha) (20% d'úsáid an fhoirgnimh iomláin, arb ionann í agus 118.6 MWh)
- is as foinsí in-athnuaite atá 21.9 MWh (100%) den leictreachas arna úsáid.¹

Déantar muirir uisce a ríomh de réir cóimheas 20:80 freisin. Sa bhliain 2017, úsáideadh 194 mhéadar chiúbacha d'uisce san fhoirgneamh ar fad.

Feidhmíocht fuinnimh

Tá fostaí buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus oibríonn an oifig de réir a héifeachtúlachta uasta ó thaobh úsáid fuinnimh de laistigh de na srianta a bhaineann le foirgneamh Seoirseach athchóirithe a áitiú.

¹ Nochtadh Mheascán Breosla SSE Airtricity: Eanáir 2017 go Nollaig 2017; is as foinsí in-athnuaite atá 100% den leictreachas arna sholáthar ag SSE Airtricity (i bhfaisnéis bhilleála Airtricity, 20/11/17).